III

(Gníomhartha eile)

AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

CINNEADH TARMLIGTHE Uimh. 049/22/COL Ó ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE

an 9 Feabhra 2022

chun trí mhaolú a dheonú arna n-iarraidh ag Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le hAirteagal 30, Airteagal 36(2) agus Pointe 1.1.3.6.3. lit. b d'Iarscríbhinn 5 de Reacht Lichtinstéin an 3 Márta 1998 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar bunaithe ar Airteagal 6(2), pointe (a), de Threoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha [2022/1984]

TÁ ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE,

Ag féachaint don Ghníomh dá dtagraítear ag pointe 13c i gCaibidil I d'Iarscríbhinn XIII do Chomhaontú LEE,

Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha ("an Treoir"),

arna leasú agus arna oiriúnú do Chomhaontú LEE le pointe 4(d) de Phrótacal 1 agus ag féachaint d'Airteagail 5(2), pointe (d), den Chomhaontú Faireachais agus Cúirte agus d'Airteagal 1(1), pointe (c), agus (2) agus Airteagal 3 de Phrótacal 1, go háirithe Airteagail 6 agus 9 den Treoir,

Ag féachaint do Chinntí Uimh. 3/12/SC agus 4/12/SC ón mBuanchoiste,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

D'iarr Rialtas Lichtinstéin, trí litir don Údarás an 20 Nollaig 2013, ([1]) ceithre mhaolú ar bhonn Airteagal 6(2), pointe (a), den Treoir. Na maoluithe arna n-iarradh ag Lichtinstéin, leagadh síos in Airteagail 29, 30, agus 36 agus in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Reacht an 3 Márta 1998 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar iad (LR 741.621, arna leasú go deireanach) ([2]) ("an Reacht").

Chun cúnamh a thabhairt dó leis an measúnú sin, choimisiúnaigh an tÚdarás DNV GL AS ('DNV') chun measúnú a dhéanamh cibé acu a bheadh na maoluithe arna n-iarraidh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6(2), pointe (a), den Treoir nó nach mbeadh, agus béim ar aon riosca féideartha nó rioscaí iarbhír a tháinig as na maoluithe, cé acu a bheadh níos lú sábháilteachta, níos mó sábháilteachta nó an tsábháilteacht chéanna ann mar thoradh ar na maoluithe, agus ar bhearta maolaitheacha féideartha a shainaithint ([3]).

I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar na maoluithe arna n-iarraidh ag Lichtinstéin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach gcáilíonn ach na forálacha in Airteagail 30 agus 36 agus in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Reacht mar mhaoluithe de réir bhrí Airteagal 6(2), pointe (a), den Treoir, agus Airteagal 29 den Reacht, a bhaineann le pléascáin i bpacáistí iompair arna n-oscailt aon uair amháin, níor cháiligh sé mar mhaolú.

([1]) Doic. Uimh. 694300.
([2]) Verordnung über den Transport gefährlicher Güter auf der Strasse – VTGGS.
([3]) Doic. Uimh. 709161.

I ndiaidh dul i gcomhairle le Coiste Iompair CSTE, ghlac an tÚdarás Cinneadh 30/15/COL ón gColáiste, lena n-údaraítear maoluithe le haghaidh trí fhoráil cháilitheacha. Bhí an t-údarú sin bailí ar feadh thréimhse 6 bliana ón 27 Eanáir 2015.

Trí litir dar dáta an 8 Márta 2021 ([4]) d'iarr Rialtas Lichtinstéin údarú le haghaidh maoluithe faoin Reacht, a leagtar síos in Airteagal 30, Airteagal 36(2) agus caibidil 1.1.3.6 lit. b d'Iarscribhínn 5 den Reacht agus atá comhfhreagrach leis an maolú arna údarú ag an Údarás le Cinneadh 30/15/COL ón gColáiste. Baineann na maoluithe le hiompar pléascán, gnóthais iniúchta umar, oiliúint speisialta tiománaithe agus umair láithreán tógála.

De réir Airteagal 6(4) den Treoir, má iarrann Stát CSTE LEE síneadh ar mhaolú údaraithe, déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar an iarraidh. Murar glacadh aon leasú ar Iarscríbhinn I, Roinn I.1, Iarscríbhinn II, Roinn II.1, nó Iarscríbhinn III, Roinn III.1, lena ndéantar difear d'ábhar an mhaolaithe, an tÚdarás, ag gníomhú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9(2), déanfaidh sé an t-údarú a athnuachan ar feadh tréimhse bhreise nach faide ná 6 bliana ó dháta an údaraithe, tá an tréimhse sin le socrú sa chinneadh údaraithe.

Ós rud é gur cuireadh an iarraidh ó Lichtinstéin isteach i ndiaidh an dáta éaga dá dtagraítear i gCinneadh 30/15/COL ón gColáiste, níl feidhm ag Airteagal 6(4) fiú má tá an iarraidh comhionann ó thaobh substainte leis an iarraidh arna húdarú ag an Údarás leis an gCinneadh sin. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an iarraidh dá bhrí sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Treoir. Mar sin féin, tá faisnéis i ndáil le Cinneadh 30/15/COL ón gColáiste fós ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe sin, amhail an measúnú riosca arna dhéanamh ag DNV.

2. **MEASÚNÚ**

Sonraítear in Airteagal 6(2), pointe (a), den Treoir "[a]r choinníoll nach ndéanfar dochar don tsábháilteacht, féadfaidh Stáit [LEE] maoluithe a iarraidh ó Iarscríbhinn I, Roinn I.1, Iarscríbhinn II, Roinn II.1 agus Iarscríbhinn III, Roinn III.1, maidir le hiompar cainníochtaí beaga earraí contúirteacha laistigh dá gcríocha, cé is moite de shubstaintí a bhfuil leibhéal meánach nó ard de radaighníomhaíocht iontu, ar choinníoll nach bhfuil na coinníollacha maidir le hiompar den sórt sin níos déine ná na coinníollacha a leagtar amach sna hIarscríbhinní sin."

De réir Airteagal 6(3) den Treoir, beidh maoluithe bailí go ceann tréimhse nach faide ná 6 bliana ón dáta údaraithe, tá an tréimhse sin le socrú sa chinneadh údaraithe.

De réir Airteagal 9 den Treoir, agus mar a fhorordaítear tuilleadh i gCinntí Uimh. 3/2012/SC agus 4/2012/SC ón mBuanchoiste, cuirfidh an tÚdarás dréacht den Chinneadh atá le déanamh faoi bhráid Choiste Iompair CSTE. Soláthróidh Coiste Iompair CSTE a thuairim maidir leis an dréacht de bhun Airteagal 3 de Chinneadh Uimh. 3/2012/SC ón mBuanchoiste.

De réir Airteagal 3(2) den Treoir, tá iompar earraí contúirteacha de bhóthar le húdarú "faoi réir comhlíontacht leis na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I, Roinn I.1, Iarscríbhinn II, Roinn II.1, agus Iarscríbhinn III, Roinn III.1".

Forálacha maidir le hinfheidhmeacht Iarscríbhinní A agus B maidir leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar, tá na forálacha sin in Iarscríbhinn I, Roinn I.1 den Treoir ([5]).

Roinntear Iarscríbhinn A ina seacht gcuid. Tá forálacha ginearálta i gCuid 1, ach aicmítear agus liostaítear earraí contúirteacha i gcodanna 2 agus 3. Leagtar síos i gCuid 4 ceanglais maidir le humair iniompartha a phacáistiú agus a úsáid, leagtar amach i gcuid 5 nósanna imeachta coinsíneachta, leagtar amach i gcuid 6 ceanglais maidir le pacáistiú a thógáil agus a thástáil, agus leagtar amach i gcuid 7 forálacha maidir le coinníollacha iompair, lódála, dílódála agus láimhseála.

([4]) Doiciméad Uimh. 1185764.

([5]) An Comhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar, comhaontú a tugadh i gcrích sa Ghinéiv an 30 Meán Fómhair 1957, arna leasú.

Leagtar síos in Iarscríbhinn B, cuid 8 ceanglais maidir le foirne, trealamh, oibriú agus doiciméadacht feithiclí, agus leagtar síos i gcuid 9 ceanglais tógála agus formheas feithiclí a iompraíonn earraí contúirteacha.

Tá na maoluithe a iarrtar comhionann leis na maoluithe sin arna n-údarú ag an Údarás in 2015. Thairis sin, tá na bearta maolaitheacha arna gcur chun feidhme ag Lichtinstéin fós i bhfeidhm. Dá bhrí sin, measann an tÚdarás gur féidir measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar na maoluithe bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear i láthair i ndáil le Cinneadh 30/15/COL ón gColáiste, lena n-áirítear an measúnú riosca arna dhéanamh ag DNV.

2.1. **Airteagal 30 VTGGS**

Ina litir an 8 Márta 2021, thug Rialtas Lichtinstéin tuairisc ar an maolú mar a leanas:

Le hAirteagal 30 mír 1 lit. b VTGGS, ceadaítear diall a mhéid a bhaineann le lipéadú na feithicle iompair. Ní mór na lipéid oráiste chun tosaigh agus ar cúl na feithicle a bheith comhfhreagrach le Caibidil 5.3.2.1.1 den Chomhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar, ach ní gá an uimhir aitheantais guaise a bheith iontu.

Le hAirteagal 30 mír 1 lit. c VTGGS, saortar an tiománaí ó na ceanglais oiliúna speisialta a thuartar le Caibidil 8.2 den Chomhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar. Ní mór an oiliúint le haghaidh gnóthais iniúchta umair a bheith ag an tiománaí, áfach. Soláthraíonn CITEC an oiliúint seo (Cumann na hEilvéise um chosaint na n-uiscí agus slándáil umar) agus is éard atá i gceist léi cúrsa 3 seachtaine agus cúrsa athnuachana gach 5 bliana, ina gcuirtear oiliúint ar thiománaithe maidir leis na gnéithe ábhartha slándála agus comhshaoil uile is gá a mhéid a bhaineann le glanadh, iniúchadh agus deisiú umar. Tagann an Sain-Deimhniú Feidearálach maidir le Slándáil Umair aisti ([6]).

Ar deireadh, le hAirteagal 30(2) VTGGS, tuartar go ndíolmhófar an t-umar agus a fheithicil iompair ó na ceanglais tógála, trealaimh agus rialaithe a thuartar i gCaibidlí 4.3, 4.4, 6.8, 6.9 agus 9.1 den Chomhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar.

Ina thuarascáil, rinne DNV measúnú ar cibé acu a mhéadófaí an riosca i ndiaidh timpistí a d'fhéadfadh tarlú le linn iompair ar bhóithre poiblí nó nach méadófaí, amhail i gcás imbhuailte, tiomáint easbhóthair agus asáitiú lóid. Tháinig DNV ar an gconclúid nach méadófaí an riosca sna cásanna sin ar choinníoll go bhfuil an oiliúint shonrach ó CITEC ag na tiománaithe.

2.2. **Airteagal 36(2) VTGGS**

Ina litir an 8 Márta 2021, thug Rialtas Lichtinstéin tuairisc ar an maolú mar a leanas:

Leis an bhforáil seo, ceadaítear iompar earraí contúirteacha a bhaineann le haicme 1 den Chomhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (substaintí pléascacha agus earraí pléascacha) thar an méid saor in aisce a thuartar i gCaibidil 1.1.3.6 den Chomhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar. Ní cheadaítear é sin, áfach, ach faoin gcoinníoll dhian go bhfuil ceadúnas le haghaidh pléascanna pléascacha ("Sprengausweis") ag an tiománaí, agus dá réir sin, go bhfuair sé oideachas speisialta le haghaidh saineolaithe pléascán. Is oiliúint speisialaithe le haghaidh daoine a láimhseálann pléascáin í an oiliúint lena n-údaraítear duine ceadúnas den sórt sin a fháil, ar oiliúint í a bhfuil níos mó i gceist léi ná an ghnáth-oiliúint maidir le hiompar earraí contúirteacha agus lena n-áirithítear ardchaighdeán sábháilteachta. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh ach daoine ar deonaíodh an ceadúnas thuasluaite dóibh tabhairt faoi iompar den sórt sin maidir le pléascáin agus earraí piriteicniúla.

Ar na cúiseanna sin, an eisceacht a thuartar in Airteagal 36(2) VTGGS, tá sí gan dochar don tsábháilteacht agus leis seo, ba mhaith le Lichtinstéin maolú a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir.

Ina thuairisc, tháinig DNV ar an gconclúid nach méadófaí an riosca leis an maolú atá i bhfeidhm, ar choinníoll go bhfuil ceadúnas BBT comhionann le hoiliúint an Chomhaontaithe maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar le haghaidh na dtiománaithe.

([6]) *Spezialistin für Tanksicherheit mit eidgenössischem Fachausweis.*

2.3. **Caibidil 1.1.3.6.3. lit. b d'Iarscríbhinn 5 VTGGS**

Ina litir an 8 Márta 2021, thug Rialtas Lichtinstéin tuairisc ar an maolú mar a leanas:

Leis an bhforáil sin, i gcomhcheangal le Caibidil 6.14, pléitear go sonrach le humair láithreán tógála ("Baustellentanks"), ar coincheap iad nach bhfuil an Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar eolach air.

Úsáidtear umair láithreán tógála go sealadach ar láithreáin tógála chun na meaisíní a úsáidtear ar an láithreán a bhreoslú. Tá siad comhdhéanta d'umar laistigh agus báisín bailiúcháin dúnta lasmuigh (féach 6.14.1.1 d'Iarscríbhinn 5 VTGGS). Meastar gurb iad an réiteach is sábháiltí maidir le húsáid den sórt sin.

Umair láithreáin tógála suas le méid de 1 210 lítear ag iompar uasmhéid de 1 150 lítear, féadfaidh siad diall ó rialacha áirithe den Chomhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar, ach ní fhéadfar iad a úsáid ach chun breosla díosail/ola teasa UN 1202 a stóráil nó a iompar. Ní mór na forálacha de Chaibidil 6.8 den Chomhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar a chomhlíonadh, ach amháin 6.8.2.1.3, 6.8.2.1.4 agus 6.8.2.1.15 go 6.8.2.1.23. Tuartar na ceanglais tógála agus tástála le haghaidh na n-umar sin i gCaibidlí 6.14.2 agus 6.14.3 d'Iarscríbhinn 5 VTGGS. Tá umair láithreán tógála faoi réir caighdeánú agus tástáil ag an údarás atá freagrach as tástáil de réir an Chomhaontaithe maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (Cigireacht na hEilvéise um earraí contúirteacha, "Eidgenössisches Gefahrgutinspektorat"). Áirithíonn an Chigireacht go gcomhlíontar gach saintréith sábháilteachta ábhartha chun leibhéal sábháilteachta a áirithiú atá inchomparáide le rialacha an Chomhaontaithe maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar.

Ar na cúiseanna sin, an eisceacht a thuartar i gCaibidil 1.1.3.6.3. lit. b i gcomhcheangal le 6.14 d'Iarscríbhinn 5 VTGGS, tá sí gan dochar don tsábháilteacht.

Ina thuarascáil, rinne DNV measúnú ar an riosca méadaithe maidir le himbhualadh, tiomáint easbhóthair agus asáitiú lóid. Tháinig DNV ar an gconclúid go méadaítear an riosca leis an maolú, ach shainaithin sé an dá bheart coisctheach, is iad sin (i) rialú/tástálacha an Chomhaontaithe maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar ar umair láithreán tógála agus (ii) úsáid umar láithreán tógála ag a bhfuil sceall dúbailte.

Mar a sonraíodh san iarraidh ó Lichtinstéin, tá umair láithreán tógála comhdhéanta d'umar laistigh agus báisín bailiúcháin dúnta lasmuigh agus ní bheidh aon chomhghéilleadh ann i dtaca leis an tsábháilteacht sin. Thairis sin, dúirt Lichtinstéin "[a]n díolúine ó Chaibidil 1.1.3.6.3. lit. b agus ó chaibidil 6.14 d'Iarscríbhinn 5 VTGGS, ní éileofar í ó 2027 ar aghaidh, ós rud é go ndéanfar aisghairm ar na forálacha seo".

3. **CONCLÚID**

Measann an tÚdarás nach ndéanfar dochar don tsábháilteacht tríd na maoluithe sin a dheonú agus go gcomhlíonann na trí iarraidh ar mhaoluithe na coinníollacha in Airteagal 6(2), pointe (a), den Treoir. Dá réir sin, na maoluithe in Airteagail 30, 36(2) agus i bPointe 1.1.3.6.3. lit. b d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Reacht, ba cheart iad a údarú.

An 17 Nollaig 2021, le Cinneadh arna Tharmligean Uimh. 298/21/COL dá chuid (Doiciméad Uimh. 1228844), chuir an tÚdarás dréachtchinneadh maidir leis na bearta atá le déanamh faoi bhráid Choiste Iompar CSTE go cuí i gcomhréir le hAirteagal 9 den Treoir. An 14 Eanáir 2022, níor sholáthair Coiste Iompar CSTE tuairim maidir leis an Dréachtchinneadh.

De réir Airteagal 3(4) de Chinneadh Uimh. 3/2012/SC ó Bhuanchoiste Stáit CSTE, féadfaidh an tÚdarás an beart atá beartaithe a ghlacadh, ach amháin má fhoráiltear leis an mbunghníomh nach bhféadfar an dréachtbheart a ghlacadh i gcás nach soláthraítear aon tuairim nach bhfuil feidhm aici maidir leis an nós imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair, agus féadfaidh an tÚdarás an beart a ghlacadh dá bhrí sin.

Dá bhrí sin, deonaíonn an tÚdarás an maolú mar a iarrtar, bunaithe ar Airteagal 6(2), pointe (a), den Treoir. Beidh an maolú bailí ar feadh 6 bliana, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(3) den Treoir. Féadfaidh an tÚdarás, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Treoir, a athnuachan a údarú.

An Comhalta Coláiste a bhfuil freagracht speisialta air maidir le hIompar, cumhachtaíodh é thar cheann an Údaráis agus faoina fhreagracht, chun na bearta a ghlacadh, má tá na dréachtbhearta atá le glacadh i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste Iompair CSTE.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear na trí mhaolú arna n-iarraidh ag Rialtas Lichtinstéin i ndáil le hAirteagal 30, Airteagal 36(2) agus Pointe 1.1.3.6.3.lit. b d'Iarscríbhinn 5 de Reacht Lichtinstéin an 3 Márta 1998 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar.

Airteagal 2

Foilseofar na maoluithe a leagtar amach in Airteagal 1 den Treoir seo i roinn LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus i bhForlíonadh LEE de, de réir phointe 6 de Phrótacal 1 do Chomhaontú LEE.

Airteagal 3

Beidh na maoluithe a leagtar amach in Airteagal 1 den Chinneadh seo bailí ar feadh tréimhse 6 bliana.

Airteagal 4

Is chuig Prionsacht Lichtinstéin a dhírítear an Cinneadh seo agus beidh éifeacht aige ar fhógra a thabhairt don Stát sin.

Airteagal 5

Beidh an cinneadh seo barántúil sa Bhéarla.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Feabhra 2022.

Thar ceann Údarás Faireacháin CSTE, ag gníomhú faoi Chinneadh Tarmligthe Uimh. 103/13/COL,

Árni Páll ÁRNASON
Comhalta Coláiste Freagrach

Melpo-Menie JOSÉPHIDÈS
Ag comhshíniú mar Stiúrthóir, Gnóthaí Dlíthiúla agus Feidhmiúcháin